

 Ceann de mhóramhráin  
Chúige Uladh, le hArt Mac  
Cumhaidh, duine de  
mhórphilí an 18ú haois, is ea  
an dán seo. Cé go bhfuil tréithe  
**na haislinge polaitiúla** le  
haithint go ládir air (véarsaí 7  
agus 8 go háirithe, mar a gcaoin-  
tear na seantaoisigh, agus mar a  
ríomhtar cathanna tubaisteacha  
an 17ú haois agus bruidiúlacht  
lucht na cónáitreachta), is **dán**  
**pearsanta, liriciúil go**  
**bunúsach** é atá lán de mhaoith-  
nechas rómánsúil an 18ú haois.

Sa chéad dá líne

Ag Úircill an Chreagáin a  
chadail mé aréir faoi bhrón  
Is le héirí na maidne tháinig  
ainnir fá mo dhéin le póng:  
cuirtear an suíomh os ár gcomhair  
agus feicimid an file ag déanamh a  
mharana ar chúrsaí an tsaoil, faoi  
mar a bhíonn sna dánta móra  
rótmánsúla: '*Gray's Elegy in a  
Country Churchyard, Tintern  
Abbey*' agus Machnamh an Duine  
Dhoilliosaigh.

Sainitear seánra an dáin agus aith-  
nítear láithreach mar shárshampla  
den Aisling é — **Aisling**  
**phearsanta éalaithe ina**  
**tosach.** An file in íse brí ar fad:  
'faoi bhrón'; é sa reilig ag mach-  
namh ar chora crua an tsaoil; é ina  
aonar go huaigneach — faoi mar  
atá na filí sna dánta móra luaithe  
thuas.

Le teacht na maidine áfach, is  
geall le haiséirí ón mbás aige é:  
samhláitear dó go dtagann ainnir  
— *fine thing* de chuid na linne —  
chuige á leigheas agus á shólású  
agus líontar de bheocht is de  
ghliondar é, agus scáthánaítear an  
spiorad nua seo i saibhreas agus in  
áilleacht an fhriotal:

Bhí gríos-ghrua ghartha aici 'gus  
lainnir ina céibh mar ór  
's gurb é iocshláinte an damhain  
bheith ag amharc ar mo ríoghain  
óig.

As sin go deireadh bíonn gach re  
véarsa aige féin agus pearsa na  
haislinge, agus sa tstí sin déantar  
**pearsanú drámatúil, i**  
**bhfoirm agallainh ar mhi-**  
anta agus ar bhrón an fhile — a

## Scolaíocht Ardteist, cursa 2006

### Aisling File: 'Úircill an Chreagáin'

An t-amhrán le hArt Mac Cumhaidh  
á bhreithniú ag Tadhg Ó Dushláine

mhian éalaithe le bé na hinspi-  
oráide siar isteach sa sean-ré órga,  
agus an briseadh croí atá air go  
bhfuil na Gaeil faoi chois agus na  
Gaill faoi réim. Focail iontacha  
allabhracha a úsáidtear leis an  
gcuireadh chun aoibhnius a  
fhaigheann sé a chur in iúl: 'tír  
dheas na meala', mar a bhfuil,  
'aoibhneas ar hallaibh' agus  
'siamsa ceoil'.

**Nóta pearsanta** — na meatachta  
nó na dílseachta - ba dhóigh leat, a  
bhí in **véarsa a trí:** ba bhreá leis  
éalú ach níor mhaith leis a chairde  
ná a chéile a thréigean, deir sé. Tá  
sé i gcás idir dhá chomhairle, ba  
mhaith leis is níor mhaith leis.

I **véarsa a ceathair** cuireann  
guth na rómánsaíochta **firinne**  
**shearbh a shaoil** ar an lic dó: tá  
sé ina amadán beo bocht agus a  
chuid filíochta ina ábhar magaidh  
ag daoine — 'tá tú faofa, gan earra,  
bocht, earraoideach, baoth, gan  
dóigh'. Cuireann mealladh na  
ceiste sa dá líne a leanann le  
*dilemma* an fhile.

Tá sé céasta i gceart anois agus  
'ríoghain óg' véarsa a haon ina  
'ríoghain deas mhilis' anois aige,  
ionchurtha leis na bandéithe clas-  
aiceacha. Is deacair leis a thuiscint  
cad a fheiceann sí in aon chor ann  
le go ndéarfadh sí go mb'áil léi a  
leithéid féin 'a bheith ag cagar-

naigh leat siar sa ród'.

I **véarsa a sé**, mar fhreagra ar a  
cheist dearbhaíonn sí gurb í  
**pearsanú oidhreacht na tíre** í,  
an oidhreacht san a chothaigh  
agus a chaomhnaigh na hollúna,  
na filí agus sa mhéid sin is luach  
spioradálta í, saor ó laincisí ama  
agus áite an tsaoil seo.

Sroicteann an t-agallamh beirte  
seo buaic sna véarsaí deireanacha:  
tá dílseachta an fhile dá dhúchas go  
móir i gceist sa bhrón a léiríonn sé  
as briseadh agus as díbirt na  
nGael. Ní hionadh, ná níor  
thógha air, géilleadh don chathú  
dul le haislingeoireacht na  
filíochta a thagann chuige sa  
véarsa leathdheireanach. Ach  
tuigtear ón **véarsa deireanach**  
go mbíonn an bua ag an mórtas  
cine agus **adlacadh i measc a**  
**mhuintire féin**, ar fhód an  
dúchais, a theastaíonn uaidh ag  
deireadh: 'I gcill chumhra an  
Chreagáin a leagfar mé i geré faoi  
fhód.' **Mórtas agus bród sin-**  
**seartha** é seo níos sinne ná aon  
chill Chríostaí, faoi mar a  
thuigtear ó mhórphile na Mumhan,  
Aogán Ó Rathaille:

Raghad ina bhfeasc le flosc na  
laoch don gcill,  
Na flatha faoi raibh mo shean  
roimh éag do Chríost.♦

## Úr-chill an Chreagáin, Art Mac Cumhaigh

'Ná fiaffraigh diom ceastaibh óir cha chodlaim ar an taoibh so 'Bhóinn,  
is síogai beag linbh mé a hoileadh le taoibh Ghráinne Óig,  
i mbruín cheart na n-ollamh bím go follas ag dúscadh an cheoil,  
san oiche ag Teamhair, is ar maidin i gclár Thír Eoghain.'

'Is é mo ghéarghoin tinnis gur theastaigh uainn Gaeil Thír Eoghain,  
agus oidhríbh an Fheadha, gan seaghais faoi léig 'ár gcomhair,  
géagaibh glandaite Néill Fhrasaigh nachar dhiúlt do cheol,  
chuirfeadh éide fá Nollaig ar na hollaimh bheadh ag géilleadh dóibh'.

**Véarsa 6 & 7, Nua-Dhuanaire, Cuid 2, Breandán Ó Buachalla**